
# Eolas Faoi na Faoileáin

D'fhéadfadh go meallfaí faoileáin go dtí ceantair sna cathracha mar gheall ar bhia a bheith caite thart ann. Scroblachóirí atá iontu ó nádúr agus fanann siad cóngarach d'áiteanna a mbíonn teacht acu ar bhia. Is mór an crá croí iad scaití agus d'fhéadfaidís a bheith cantalach le daoine. Nuair a bhíonn siad ag cosaint na n-éanacha óga d'fhéadfadh go mbeidís níos teasaí ná mar is gnáth.



**Teastaíonn do chúnamh le nach mbeidh siad ag cur as do dhaoine.**

### Ról Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Níl aon fhreagracht ná oibleagáid ó thaobh na reachtaíochta de ar an gComhairle mar a bhaineann le smacht a choinneáil ar na faoileáin agus ní féidir léi aon chúnamh praiticiúil a thabhairt leis na faoileáin a chur ó dhoras.

Is éard atá sa bhfógra seo ná eolas ginearálta do dhaoine atá ina gcónaí i gceantar Chathair na Gaillimhe nó atá i mbun gnó ann.

### Maidir le Maoin Phoiblí/ Maoin Phríomháideach i gCoitinne

- Má bhítear ag beathú na bhfaoileán go minic, d'fhéadfadh go dtosóidís ag cur isteach ar dhaoine agus ag goid bia ó dhream a bheadh ag ithe amuigh faoin aer (páistí ina measc).
- Ná caith bruscar nó dríodar bia in áiteanna poiblí nó taobh amuigh de na hionaid ina ndíoltar bia. Coir atá anseo chomh maith le rud ar bith eile agus d'fhéadfadh an Chomhairle fíneáil a ghearradh ort dá bharr.
- Má bhíonn tú ar an trá, sna páirceanna, sna clóis súgartha nó ag úsáid áiseanna eile den chineál seo, bí cinnte go gcuirfidh tú aon bhruscar atá agat i mbosca bruscair. Má bhíonn na boscaí bruscair lán, nó mura bhfuil aon cheann cóngarach duit, tabhair an bruscar abhaile leat.
- Cuimhnigh ar do chuid comharsan. Nuair a thugannn tú bia do na faoileáin tá tú á mealladh isteach i do ghairdín agus isteach sa gcomharsanacht. Ní dhéanann sé aon leas d'fhaoileáin a bheith ag ithe bia na ndaoine. Ó nádúr, tá a n-aiste bia bunaithe ar shliogéisc agus ar bhianna eile ón bhfarraige, uibheacha éan, feithidí agus péisteanna talún. Tá an iomarca de bhia an duine go dona dóibh.

### Gnólachtaí/ Foirgnimh nach Áiteanna Cónaithe iad

- Nuair atá tú ag cur amach na mboscaí bruscair bí cinnte nach bhfuil siad ag cur thar maoil le bruscar, go bhfuil siad dúnta ceart agus nach bhfuil aon dríodar bia caite thart orthu nó ina ngaobhar.
- Ba cheart an dríodar bia ar fad a chur sa mbosca bruscair donn.
- Ná cuir aon mhálaí plaisteacha amach in éineacht leis na boscaí bruscair. Tá na faoileáin in ann na málaí seo a stróiceadh agus iad ag tóraíocht bia.
- Má tá gnó agat a dhíolann bia, déan cinnte, le do thoil, go gcuireann tú neart boscaí bruscair ar fáil agus go mbíonn siad á bhfolmhú go minic.
- Ba cheart duit féachaint leis na spásanna a bhfuil suíocháin iontu, taobh amuigh de do ghnó, a ghlanadh go minic agus a dhéanamh cinnte nach mbíonn aon dríodar bia caite thart ann.

### Stádas na bhFaoileán Faoin Dlí

Tá sé in aghaidh an dlí faoileán a ghortú nó a mharú d'aon turas, nó nead atá in úsáid nó an t-ábhar atá istigh sa nead seo a thógáil, a scriosadh nó damáiste a dhéanamh di. Tá cosaint faoin dlí ag na faoileáin ar fad, chomh maith leis na neadacha atá á n-úsáid acu, ón Reachtaíocht/Treoracha Náisiúnta agus Idirnáisiúnta maidir leis an bhFiadhúlra.

Tá roinnt speiceas faoileán le fáil i gCathair na Gaillimhe, ina measc an Droimneach Beag, an Droimneach Mór, an Faoileán Ceanndubh agus an Faoileán Scadán.

Is é an Faoileán Scadán an ceann is minice a fheictear sna ceantair uirbeacha. Tá stádas caomhnaithe ag an bhfaoileáin seo agus é ar an liosta dearg in Éirinn mar gheall ar go bhfuil laghdú mór tagtha ar líon na n-éanacha goir.





### Faoileáin ag Déanamh Neadacha ar Dhíonta

Nuair a dhéanann faoileáin a neadacha ar na díonta d'fhéadfadh go gcothódh sé deacrachtaí ar nós torann, praiseach, salú ar na díonta, damáiste d'fhoirgnimh srl. Is iondúil go dtagann na faoileáin ar ais go dtí an áit chéanna i séasúr an ghoir chuile bhliain agus go bhfanann péire pórúcháin le chéile ar feadh a saoil.

Má tá tú ag iarraidh faoileáin a stopadh ó bheith ag déanamh nead ar do dhíon, is féidir le conraitheoirí speisialaithe comhairle a chur ort faoi na bealaí le tabhairt faoi seo.

### Tús Áite don tSábháilteacht

Ba cheart do dhaoine comhairle a fháil i dtosach ó chomhlacht speisialaithe sula ndéanann siad aon obair ar a maoin le bac a chur ar fhaoileáin.



**Moltar go láidir gur conraitheoir ábalta le cleachtadh, ag a bhfuil an trealamh, an oiliúint agus an t-árachas ceart a thabharfadh faoin obair seo.**

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Seagull Information

Seagulls can be attracted to urban areas by the availability of discarded food. They are natural scavengers and will stay close to areas where they can find food, sometimes causing a nuisance and can be aggressive to humans. They can be more aggressive when they are protecting their young.



**You can help discourage them from being a nuisance.**

### Role of Galway City Council:

The Council has no responsibility or statutory obligation to control gulls and cannot offer any practical assistance regarding gull deterrents.

This notice is for the general information of residents and property owners in the Galway City area.

### General Public/ Private Property

- When fed regularly by humans, gulls may develop a habit of harassing and stealing food from people (including children) who are eating outdoors.
- Do not discard litter or food scraps in public areas or outside food outlets – this is also an offence for which you can be fined by the Council.
- If you are using the beach, parks, playgrounds or other amenities, please ensure that you dispose of your waste in a bin or take it home with you if bins are full or unavailable.
- Think of your neighbours and don't attract gulls to your garden and vicinity by feeding them. It is not in the gull's best interest to be eating our food. Their natural diet is based on shellfish and other small sea creatures, bird's eggs, insects and earthworms. Too much human food is bad for them.

### Businesses/ Non-Residential Properties

- When leaving out bins please ensure that they are not overloaded, are properly closed and that there is no food scraps left around the bins or the vicinity.
- All waste food should be disposed of in your brown bin.
- Please do not leave any plastic bags out with binned waste. Gulls may rip the bags apart in search of food.
- If you have a food retail business, please ensure that you have adequate litter bins available and that these are emptied regularly.
- Ensure that any outdoor seating area is cleaned regularly and that food scraps are not left lying around

### Legal Status of Gulls

It is illegal to intentionally injure or kill a gull or take, damage or destroy an active nest or its contents.

All gulls and their active nests are protected in law by National and European Wildlife Legislation/Directives.

Galway City is home to several gull species, including the Lesser Black-backed Gull, Great Black-backed Gull, Black-headed Gull and the Herring Gulls.

The most common gull in urban areas is the Herring Gull whose conservation status is red listed in Ireland due to a large decline in breeding numbers.





### Gulls Nesting on Roofs

Gulls nesting on roofs can cause problems including noise, mess, fouling on roofs, damage to buildings and so on.
Gulls usually return to the same territory each breeding season and a bonded pair will stay together for life.
If you wish to deter gulls from nesting on your roof, there are deterrent measures available from specialist contractors.

### Safety First

People should take advice from a specialist company before undertaking any deterrent measures on your property.



**It is strongly recommended that any works are carried out by an experienced competent contractor who has the right equipment, training, and insurance for this work.**

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council